



GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas Press Release 21.04.2021	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language version is available on page 3.
--	--	--

Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021: Gaeltacht Iorrais

Tá Comórtas Reatha na Gaeltachta faoi lán seoil i nGaeltacht Iorrais. Tá moladh mór mílteach ag dul don 60+ duine a bhíonn ag siúl nó ag rith ar son na Gaeltachta seo ó Luan Cásca i leith. Tá daoine ó chuile cheard den limistéar fairsing seo páirteach sa dúshlán aclaíochta 4 seachtaine seo – ó cheantar na hEachléime, an Geata Mór, Corrchloch, Béal an Mhuirthead, Ceathrú Thaidhg, Gleann na Muaidhe, Dumha Thuama, Gaoth Sáile agus áiteanna eile nach iad, maraon le duine nó beirt den disapora agus daoine ó Erris Park Run freisin. Maith sibh uile.

D'éirigh le foireann Iorrais os cionn 3,900km a dhéanamh le coicís anuas. Dar le Google distance, tá siúlta acu go Quebec Cheanada cheana féin! Is iad an dara grúpa is mó sa chomórtas ar fad agus an t-aon fhoireann as Gaeltachtaí Mhaigh Eo. Tá an meán-mhíleáiste ardaithe acu le seachtain anuas agus beagnach 32km déanta ar an meán ag gach duine. Nach iontach iad! Comhghairdeas freisin le hEilis Nic Giolla Choille agus Máirín Ní Ghionnáin a rinne an míleáiste is mó i nGaeltacht Iorrais go dtí seo.

Ní dírithe ar chúrsaí aclaíochta amháin atá an comórtas seo ach ag iarraidh caidreamh agus cumarsáid i nGaeilge a chothú i measc rannpháirtithe agus spiorad an phobail a chothú in am dúshlánach seo na paidéime. Tugann an comórtas deiseanna do rannpháirtithe a gcuid Gaeilge a úsáid agus a chleachtadh lena chéile i gcomhthéacs neamhfhoirmiúil. Bíonn an-chraic acu sa ghrúpa WhatsApp atá ar bun eatarthu don chomórtas seo.

Eagraíonn Gaeilge Iorrais dúshlán roghnacha agus duaiseanna go háitiúil chuile sheachtain chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe. Cuireadh ceist ar rannpháirtithe grianghraf a roinnt den áit is fearr leo dul ag rith nó ag siúl. Is féidir teacht ar fhíseáin de na grianghraif seo ar leathanach Facebook Gaeilge Iorrais (@GaeilgeIorrais) nó ag www.gaeilgeiorrais.ie. Scaiptear grianghraif den cheantar álainn Gaeltachta seo ar phobal níos leithne ar an gcaoi sin. Míle buíochas arís le gach duine a roinn grianghraf linn.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, faoi chomórtas na bliana seo;

Seo deis iontach spórt a chleachtadh go rialta amuigh faoin aer, trí mheán na Gaeilge agus ar son an phobail Ghaeltachta seo. Is mór an spreagadh iad foireann Iorrais, atá chomh díograiseach agus dearfach faoin gcomórtas agus iad ag tacú lena chéile i gcónaí. Gaeltacht Iorrais abú agus maith sibh go léir.

Tá tuairim is 650 duine as 14 ceantar Gaeltachta i 7 gcontae difriúil ag glacadh páirt sa chomórtas seo atá á reáchtáil ag oifigigh pleanála teanga na Gaeltachta. Shiúil nó rith siad os cionn 28,800km le seachtain anuas. Dúirt Hannah Ní Bhaoill, oifigeach pleanála teanga i nGaeltacht na Mí, go bhfuil siad an sásta leis an leibhéal rannpháirtíochta i mbliana;

Is iontach an rud é go bhfuil an oiread sin daoine ó cheann ceann na tíre ag dul amach ag rith agus ag siúl ar son a gceantair féin. Tá míleáiste aisteach á dhéanamh acu agus iad uile ag baint sásaimh as bheith amuigh faoin spéir. Bíonn craic sna grúpaí WhatsApp atá socraithe do na rannpháirtithe freisin agus beidh an-spraoi anois idir na ceantair agus torthaí fógartha arís. Tá iomaíocht ghéar ann freisin agus gach ceantar ag iarraidh Corn Raidió na Gaeltachta a thabhairt leo.

Tá coicís eile fágtha sa chomórtas seo. Guíonn muid gach rath agus sonas ar na rannpháirtithe go léir agus iad ag tabhairt faoi bhóithre na Gaeltachta ar na laethanta deasa fada seo. Fógrófar an ceantar Gaeltachta is aclaí sa tír (nó an pobal leis an meánmhíleáiste is mó) ar an 5 Bealtaine. Bronnfaidh Gaeilge Iorrais t-léine speisialta ar gach duine a chríochnaíonn an dúshlán seo ar son an cheantair. Go n-éirí go geal libh go léir.

Coinnigh súil ar leathanach Facebook @Gaeilge Iorrais agus ar www.gaeilgeiorrais.ie don nuacht is déanaí. Grianghraif: <http://www.gaeilgeiorrais.ie/index.php/feachtais-campaigns>

Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021: Gaeltacht Iorrais



Comórtas Reatha na Gaeltachta is in full swing in the Erris Gaeltacht since Easter Monday. From Eachléim to an Geata Mór, Corrchloch to Béal an Mhuirthead, Ceathrú Thaidhg to Gleann na Muaidhe, Dumha Thuama to Gaoth Sáile, over 60 participants from every corner of this vast area have been busy walking or running on behalf of their Gaeltacht area, coupled with the support of some of our diaspora and Erris Park runners. Bualadh bos mór for each and every participant that is undertaking this month-long exercise challenge as part of a competition which sets out to determine the fittest Gaeltacht community in Ireland.

Foireann Ghaeltacht Iorrais have walked and/or run in excess of 3,900km over the past fortnight. According to Google Distance, this is roughly the equivalent of a journey from Béal an Mhuirthead to Quebec Canada! Gaeltacht Iorrais is the second largest group in the competition and the only team from Gaeltachtaí Mhaigh Eo. Each participant is clocking c.31km on average per week and keeping a GPS record on Stava or MapMyRun. The average mileage per participant has improved in the past week. Maith sibh go léir! For some the comórtas offers a great incentive to get off the couch, monitor distance and increase exercise on a weekly basis with the support and encouragement from the local WhatsApp group. Other more seasoned walkers and joggers on the team log in excess of 50-100km per week! Congratulations to Eilis Nic Giolla Choille and Máirín Ní Ghionnáin who have done the most mileage in the Erris Gaeltacht to date.

This is much more than a fitness challenge as we also encourage *beagánín* banter i nGaeilge and foster community spirit on the local WhatsApp group which is in place for the duration of the *comórtas*. This competition gives participants opportunities to use and practice their Irish in an informal setting and also to become acquainted with other Irish speakers from different parishes in this vast Gaeltacht area. Gaeilge Iorrais organises weekly challenges and raffle prizes to encourage participants and Irish language use. Participants were asked to share photos of where they like to run or walk. Montages of these fabulous photographs can be viewed on the Gaeilge Iorrais Facebook page and website (www.gaeilgeiorrais.ie). Our wider Gaeltacht community can also enjoy these beautiful unspoiled vistas of the Erris Gaeltacht area too. Míle buíochas arís to all that shared their photos with us.

Laoise Ní Dhúda, language planning officer with Gaeilge Iorrais added the following:

This is a great opportunity to get outdoors, keep active on a regular basis and *trí mheán na Gaeilge*. The enthusiasm and positivity from our Gaeltacht Iorrais team has been so encouraging especially during these challenging pandemic times. Gaeltacht Iorrais abú and maith sibh go léir - well done to all taking part.

Approximately 650 people from 14 Gaeltacht areas in 7 different counties are taking part in this event which is overseen by Irish language planning officers in the Gaeltacht. Participants have collectively walked c. 28,800km over the past week. Hannah Ní Bhaoill, language planning officer i nGaeltacht na Mí, explained that they're delighted with huge participation levels throughout the Gaeltacht again this year:

It's great that so many people from all over the country are out walking and running on behalf of their Gaeltacht community. They're clocking up some serious mileage and of course enjoying time in the great outdoors. The competition is heating up now as results have been announced and all eyes are on the coveted Corn Raidió na Gaeltachta prize.

With less than a fortnight to go in this competition, we wish all participants every success and enjoyment as they take to the roads and bóithríní na Gaeltachta in every kind of weather. The overall winner, the most active Gaeltacht community, with the most mileage on average, will be announced on 5th May. Gaeilge Iorrais will present a t-shirt to each participant that completes this four-week *comórtas* or community endeavour on behalf of the Erris Gaeltacht.

Keep an eye on our website www.gaeilgeiorrais.ie or for regular updates follow our Facebook page @Gaeilge Iorrais. **(CRÍOCH/END)**